View in browser

24 Meitheamh 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 55







A chairde, tá ríméad orainn an leagan nua de *Scéal, Scéal, Scéal...* a roinnt libh faoi dheireadh! Tá súil againn go dtaitníonn sé libh - ba thaithí an-thaitneamhach agus chruthaitheach í ag obair ar stíl agus íomhá nua dár bhfoilseachán seachtainiúil. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as.

Mar is iondúil, ba bhreá linn cloisteáil uaibh má tá scéal, fógra nó nuaíocht le roinnt agaibh. Déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com

Ádh mór,

Katie & Aoife

## ARDMHOLADH DO DHALTAÍ CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Is iomaí cúis ceiliúrtha a bhí ag Coláiste Chroí Mhuire le tamall anuas. Bronnadh Corn an tSiúr Regina ar Mhatilde Warsop de bharr a cuid iarrachtaí ar son na Gaeilge agus ar son cúrsaí cultúrtha i mbliana. Chomh maith le sin, thug a gcuid múinteoirí ardmholadh do bhuachaillí agus do chailíní na hidirbliana don dea-obair a rinne siad le linn na bliana. Comhghairdeachas le Tomás Kiaulakis, Cormac Ó Tuairisc, Oisín Ó Coinceannain (buachaill na bliana), Darragh Mac Aodha agus Éamonn Ó Ceallacháin. Tugadh ardmholadh freisin do Isabella Rossi Ní Chonghaile, Aoife Ní Mhainín, Aisling Ní Chonghaile (cailín na bliana), Kayleigh Ní Ruanaigh agus Máirín Ní Chéidigh.







## FOCLÓIR AN CHADHNAIGH

Tá foclóir nua, bunaithe ar obair fhoclóireachta Mháirtín Ui Chadhain, foilsithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá leath mhilliún focal de théacs sa bhfoclóir nua atá ar fáil ar líne. D'oibrigh an Cadhnach ar a shaothar foclóireachta idir na blianta 1937 agus 1946. Cé go bhfuil roinnt mhaith de na focail a bhailigh Máirtín le léamh sa bhfoclóir Gaeilge-Béarla, a chuir Niall Ó Dónaill in eagar, seo é an chéad uair a bhfuil fáil ar an saothar Is féidir breathnú ar an bhfoclóir anseo.

## FÍS

Tá **FÍS** - cúrsa samhraidh sna healaíona traidisiúnta - á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhar le Stiúideo Cuan arís i mbliana. Tá an cúrsa ar líne seo dírithe ar dhéagóirí idir 12-17 bliain d'aois. Leagfar béim sa gcúrsa ar scileanna sna healaíona dúchasacha a úsáid le gearrscannán a chruthú. Beidh an cúrsa ar siúl ar feadh coiscíse ón Luan 19 Iúilgo dtí an Aoine 30 Iúil, chuile lá ó 9:30 r.n go12:45 i.n Is féidir níos mó eolais a fháil ó Ealaín na Gaeltachta.






## CAIFÉ POTA OSCAILTE!

Tá **Caifé POTA**, atá lonnaithe i bhfoirgneamh Tigh Johnny Sheáin i mBaile na hAbhann ar oscailt anois. Is le Diarmuid Ó Mathúna - cócaire aitheanta as Corcaigh - an café nua. Deir Diarmuid go bhfuil bia "séasúrach, orgánach agus áitiúil" ar fáil i bPOTA, le béim láidir ar tháirgí áitiúla. Ón Déardaoin go dtí an Domhnach, idir 11 r.n agus4 i.n. a bheas an café ar oscailt i rith an tsamhraidh. Comhghairdeas leat a Dhiarmuid!

## FOLÚNTAS LE MEANGADH FÍBÍN

Tá post mar eagarthóir á thairiscint ag Meangadh Fíbín. Beidh an té a cheapfar

lonnaithe i gConamara. Tá an comhlacht léiriúcháin teilifíse sa tóir ar dhuine tiomanta atá oilte ar AVID, le Gaeilge ar a t(h)oil aige/aici, mar aon le suim sa scéalaíocht chruthaitheach. Iarrtar ar iarrthóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig bernie@fibinmedia.ie roimh an 9ú Iúil.

## FOLÚNTAS AG TG4

Tá **TG4** sa tóir ar Mhaor Craolacháin. Conradh buan atá á thairiscint. Beidh an maor craoalcháin freagrach as sceideal TG4 a chur go haer, monatóireacht a dhéanamh ar Aschur TG4 ar fud na n-ardán ilmheán, chomh maith le dualgais agus freagrachtaí eile. Ní mór céim sa chumarsáid nó taithí theicniúil bliana a bheith ag an iarrthóir, chomh maith le heolas ar ríomhairí, ar na hardáin mheán shóisialta agus a bheith in ann córais nua a fhoghlaim go sciobbtha. Is féidir iarratas mar aon le litir iarratais a sheoladh chuig cv@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe roimh 4 i.n. ar an Aoine 2 Iúil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo.

## GRADAIM BOOGR AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Comhghairdeas le scoláirí **Choláiste Cholmcille** a bhain gradaim BOOGR amach i mbliana. Bronnadh gradam ar Phádraic Ó Ráinne sa gcatagóir oscailte. Aithníodh iarrachtaí Ghirseacha na Gaillimhe mar gur bronnadh gradam sna hEalaíona agus Cultúr ar Shíofra Ní Scanláin, Clíona Ní Mhárta agus Katie Ní Thabhais. Fuair Maidhc Mac Gearailt gradam Spóirt/Lúthchleas, sa chatagóir Dul Chun Cinn, ainmníodh Cian Ó Máille agus bronnadh gradam ar Robert Ó hAlluráin do chúrsaí ceannaireachta. Tugadh ardmholadh do Róisín Ní Chonghaile mar sár-scoláire na bliana. Tá foireann na scoile thar a bheith bródúil as na scoláirí agus na gradaim tuillte go maith acu. Maith sibh!





## EALAÍONTÓIRÍ AG TEASTÁIL!

Beidh taispeántas ealaíon á reáchtáil mar chuid d'Fhéile Chois Fharraige a bheas ar siúl ón 1-10 Deireadh Fómhair. 'Sí Méadhbh Ní Eidhin as an mBaile Ard sa Spidéal coimeádaí an taispeántais agus seo gairm d'ealaíontóirí Chois Fharraige a gcuid saothair a chur ar taispeáint! **'Cois Fharraige'** téama an taispeántais agus fáilteofar roimh ealaín i ngach saghas meán: péint, adhmad, cré, miotal, olann, níl teorainn leis, is faoin ealaíontóir atá sé! Déan teagmháil le Méadhbh ag mavceol@gmail.com le do shuim a léiriú. 'Sí an Mhháirt 31 Lúnasa an spriocdháta do na saothair.



## LIOSTA TEAGMHÁLA FEIDHLÍ LINBH

An mbíonn tú ag tabhairt aire do pháistí? Ba mhaith linn cloisteáil uait má bhíonn! Tá liosta teagmhála á chur le chéile againn a bheidh úsáideach do theaghlaigh Chois Fharraige. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí ann, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com

## CÚRSAÍ OILIÚNA AR INSTAGRAM & CANVA

Tá cúrsa traenála i gcúrsaí Canva agus Instagram á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhpháirt le LORG Media. Cúsaí lae a bheas ann. Beidh an chéad chúrsa ar siúl ar an 29ú Meitheamh, dírithe ar Instagram. Roinnfear nodanna agus tabharfar treoir maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as an ardán áirithe sin. Beidh an dara cúrsa bunaithe ar Canva, maidir le graificí agus íomhánna tarraingteacha agus éifeachtacha a dhearadh. Beidh an cúrsa seo ar siúl ar an 14ú Iúil. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo.







Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailerlite